Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12551/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0295(NLE)**

**FIN 931**
**RESPR 27**
**CADREFIN 139**
**POLGEN 122**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 485 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 485 final ANNEX.

Faoi iamh: COM(2022) 485 final ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2022
COM(2022) 485 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh*

**Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle**

**maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir**

**Iarscríbhinn**

**Tábla 1: Príomhchéimeanna cur chun feidhme na mbeart feabhais go dtí 19 Samhain 2022**

(mar a gheall an Ungáir sna bearta feabhais a tíolacadh)

| Beart feabhais | Príomhchéim cur chun feidhme | Dáta cur chun feidhme |
|---|---|---|
| An tÚdarás Sláine | Cinneadh Rialtais a ghlacadh lena bhforáiltear don chúram agus don amlíne chun an tÚdarás Sláine a bhunú | **faoin 5 Meán Fómhair 2022** |
| | Dréachtghníomh maidir le bunú an Údaráis a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta | **faoin 30 Meán Fómhair 2022** |
| | Bord an Údaráis a cheapadh | **faoin 4 Samhain 2022** |
| | Tús na ngníomhaíochtaí ag an Údarás | **ón 19 Samhain 2022 ar aghaidh** |
| Tascfhórsa Frithéillithe | Glacadh na haisghairme ar an gCinneadh Rialtais | **faoin 5 Meán Fómhair 2022** |
| | Dréachtghníomh maidir le bunú an Údaráis a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta | **faoin 30 Meán Fómhair 2022** |
| An creat Frithéillithe a neartú | Glacadh straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe | **faoin 30 Meán Fómhair 2022** |
| | Dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, lena n-áirítear: Raon feidhme pearsanta agus ábhartha dearbhuithe sócmhainní a leathnú (lena n-áirítear gaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an duine lena mbaineann) | **Éifeachtach ó 1 Samhain 2022** |
| Fondúireachtaí Bainistíochta um Leas an Phobail | Glacadh na ngníomhartha leasaitheacha (Gníomh CXLIII 2015 maidir le soláthar poiblí agus Gníomh IX) | **faoin 30 Meán Fómhair 2022** |
| Athbhreithniú Breithiúnach ar chinntí ionchúisitheoirí | Bailchríoch a chur ar dhréacht-téacs na rialachán cur chun feidhme (riachtanach chun an nós imeachta athbhreithniúcháin a chur i bhfeidhm) agus a ghlacadh díreach tar éis theacht i bhfeidhm an dlí nua | **faoin 31 Deireadh Fómhair 2022** |
| | Teacht i bhfeidhm an dlí nua lena leasaítear an Cód Nós Imeachta Coiriúil tar éis athbhreithniú *ex ante* ag an gCúirt Bhunreachtúil arna thionscnamh ag an Rialtas | **15 Samhain 2022** |

<table>
<tr><td rowspan="3">Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun cistí AE a chur chun feidhme</td><td>Meitheal a bhunú</td><td>faoin 31 Lúnasa 2022</td></tr>
<tr><td>Bunú DIAI (Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta Inmheánaí agus na Sláine) in Oifig an Phríomh-Aire</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Glacadh leasuithe ar Fhoraitheanta ábhartha Rialtais (413/2021 agus 256/2021)</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Laghdú ar tairiscintí aonair i nósanna imeachta soláthair a bhaineann le cistí AE</td><td>Feidhmíocht an chéad iniúchta ag EUTAF maidir le comhlíonadh mhodheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh (agus maidir le soláthar sonraí aonair don Choimisiún agus don phobal más infheidhme)</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair</td><td>Uirlis nua faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt bunaithe ar shonraí a fuarthas ó EPS</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Deimhneoidh an Ard-Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha (EUTAF) trína hiniúchadh go bhfuil an uirlis tuairiscithe um tairiscintí aonair lánfheidhmiúil agus oibríochtúil</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Córas Leictreonach Soláthair Phoiblí (EPS)</td><td>Inoibritheacht iomlán feidhmeanna nuafhorbartha lena gcumasaítear cuardach struchtúrtha agus easpórtáil sonraí san EPS freisin i bhformáid atá inphróiseáilte le meaisín</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Creat tomhais feidhmíochta</td><td>Creat tomhais feidhmíochta a fhorbairt, lena n-áirítear Cinneadh Rialtais a ghlacadh</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Úsáid leathnaithe Arachne</td><td>Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta maidir le húsáid chórasach agus éifeachtach ARACHNE</td><td>faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Comhar le OLAF a neartú</td><td>Gníomh a ghlacadh maidir leis an leasú ar Ghníomh CXXII 2010 maidir le Nemzeti Adó- és Vámhivatal, lena n-ainmneofar an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim mar an t-údarás náisiúnta inniúil chun cabhrú le OLAF</td><td rowspan="2">faoin 30 Meán Fómhair 2022</td></tr>
<tr><td>Gníomh a ghlacadh maidir leis an leasú ar Ghníomh XXIX 2004 chun cineál pionóis athchomhairligh airgeadais a thabhairt isteach a bheidh le forchur i gcás ina ndiúltóidh oibreoir eacnamaíoch dul i gcomhar le OLAF</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Trédhearcacht fheabhsaithe an chaiteachais phoiblí | Réamhdhréacht den ghníomh reachtach a chur chuig an gCoimisiún ina leagfar amach oibleagáid ar gach comhlacht poiblí tacar faisnéise réamhshainithe maidir le húsáid cistí poiblí a fhoilsiú go réamhghníomhach | **faoin 30 Meán Fómhair 2022** |
| | An gníomh reachtach thuasluaite a ghlacadh | **faoin 31 Deireadh Fómhair 2022** |

Tábla 2: Bearta feabhais a bhfuil tréimhse cur chun feidhme níos faide ag teastáil ina leith agus nach bhfuil aon phríomhchéim cur chun feidhme láithreach ag teastáil ina leith:

(mar a gheall an Ungáir sna bearta feabhais a tíolacadh)

| | |
|---|---|
| Sciar na nósanna imeachta tairisceana le tairiscintí aonair arna maoiniú ón mbuiséad náisiúnta a laghdú | Le cur chun feidhme, de réir a chéile (i dtrí chéim) faoin 31 Nollaig 2024. Níl aon chéim cur chun feidhme thábhachtach láithreach ann. |
| Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú | Tá an plean le glacadh faoin 31 Márta 2023, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar na chéad torthaí ón gcreat tomhais feidhmíochta a bheidh ag feidhmiú faoin 31 Nollaig 2022. Níl aon chéim cur chun feidhme thábhachtach láithreach ann. |
| Oiliúint le cur ar fáil do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí | Le cur chun feidhme de réir a chéile go dtí Meitheamh 2026. Níl aon chéim cur chun feidhme thábhachtach láithreach ann. |
| Scéim tacaíochta a bhunú chun na costais a bhaineann le páirt a ghlacadh i soláthar poiblí micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide a chúiteamh | Le cur chun feidhme de réir a chéile go dtí Iúil 2026. Níl aon chéim cur chun feidhme thábhachtach láithreach ann. |